AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 1.12.2025
COM(2025) 728 final

TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN gCOMHAIRLE, CHUIG COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA AGUS CHUIG COISTE NA RÉIGIÚN

Meastóireacht ar an Treoir maidir le Cleachtais Éagóracha Trádála

{SWD(2025) 405 final}

1. RÉAMHRÁ

Faoi Airteagal 12 de Threoir (AE) 2019/633 maidir le cleachtais éagóracha trádála sa chaidreamh gnólacht le gnólacht i slabhra an tsoláthair talmhaíochta agus bia ('an Treoir')[1], ní mór don Choimisiún Eorpach ('COM') an chéad mheastóireacht a dhéanamh ar an Treoir agus a phríomhthorthaí a chur i láthair i dtuarascáil. Tá sé beartaithe go bhfeidhmeoidh an doiciméad seo mar an tuarascáil sin.

Dá réir sin, úsáideann an tuarascáil seo an mheastóireacht ar an Treoir([2]) chun achoimre a thabhairt ar na príomhthátail agus ar na ceachtanna a foghlaimíodh ó na chéad bhlianta de chur chun feidhme na Treorach. Ós rud é go ndearnadh an mheastóireacht ag céim luath mar gheall ar mhoilleanna ar thrasuí i roinnt Ballstát, níl ach tréimhse ghearr de chur i bhfeidhm praiticiúil rialacha na Treorach le fáil ina thorthaí agus ba cheart iad a léamh i bhfianaise an mhéid sin.

Ar bhonn níos ginearálta, tá an tuarascáil seo ina cuid d'iarrachtaí níos leithne chun seasamh feirmeoirí i slabhra an tsoláthair talmhaíochta agus bia ('slabhra') a neartú, de réir mar a léirítear sa mholadh sa mholadh ón Idirphlé Straitéiseach maidir le creat níos éifeachtaí, níos cothromaithe agus níos comhréirí chun dul i ngleic le cleachtais éagóracha trádála ('UTPanna')[3], nó i dTreoirlínte Polaitiúla COM do 2024-2029[4]. I gcomhréir leis an bhFís le haghaidh na Talmhaíochta agus an Bhia[5], déanfaidh an COM, ar bhonn na meastóireacht ar na rialacha reatha agus ar athbhreithniú ar rialacháin náisiúnta, tionscnaimh bhreise a mholadh, lena n-áirítear an t-athbhreithniú ar an Treoir maidir le cleachtais éagóracha trádála, chun aghaidh a thabhairt ar an bprionsabal nár cheart iallach a chur ar fheirmeoirí a dtáirgí a dhíol go córasach faoi bhun na gcostas táirgthe agus, ag an am céanna, treoshuíomh margaidh an Chomhbheartais Talmhaíochta á chaomhnú.

In éineacht le foinsí eile faisnéise, agus tar éis comhairliúcháin chríochnúla, beidh an tuarascáil mar bhonn eolais don mhachnamh ar athbhreithniú a dhéanfar amach anseo ar an Treoir, gan teacht roimh raon feidhme ná ábhar na Treorach.

2. CÚLRA, FOINSÍ AGUS COMHTHÉACS BEARTAIS

Tá an chumhacht eacnamaíoch tar éis teacht chun bheith níos comhchruinnithe i gcodanna iartheachtacha den slabhra, rud a mhéadaigh an raon feidhme le haghaidh drochúsáidí cumhachta margála a d'fhéadfadh a bheith ann. Is minic a dhéanann drochúsáidí den sórt sin dochar d'fheirmeoirí agus do sholáthróirí beaga, a bhíonn i staid níos laige le linn a bheith ag déileáil le ceannaitheoirí is mó is cumhachtaí ná iad[6]. Mar fhreagairt ar na hábhair imní sin, glacadh an Treoir chun cleachtais éagóracha trádála sa slabhra a chomhrac, ar treoir í lena gcumhdaítear na hearnálacha iascaigh agus dobharshaothraithe freisin, agus chun rannchuidiú lena gcosc agus lena maolú ar fud an Aontais. I measc na gcleachtas éagóracha trádála, áirítear cleachtais a imíonn go mór ó phrionsabail an dea-iompair tráchtála, atá contrártha do mheon macánta agus cóirdhéileáil, agus a fhorchuireann comhpháirtí trádála amháin go haontaobhach

[1] IO L 111, 25.4.2019, lch. 59, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2019/633/oj
[2] *Accompanying Staff Working Document on the Evaluation Report* [Doiciméad Inmheánach Oibre a ghabhann leis maidir leis an Tuarascáil Mheastóireachta ('SWD')] ('SWD').
[3] Idirphlé straitéiseach maidir le todhchaí thalmhaíocht an Aontais - COM.
[4] Treoirlínte Polaitiúla don chéad Choimisiún Eorpach eile 2024-2029 - COM..
[5] Fís le haghaidh Talmhaíochta agus Bia – COM.]
[6] SWD(2018) 92 final, lch. 20.

ar an an gcomhpháirtí eile. D'fhéadfadh aistriú riosca eacnamaíoch gan údar agus díréireach a bheith ann mar thoradh orthu nó d'fhéadfaidís míchothromaíocht mhór a chruthú maidir le cearta agus oibleagáidí, rud a mhéadódh leochaileacht airgeadais agus éiginnteacht oibríochtúil feirmeoirí agus soláthróirí beaga.

Déantar foráil leis an Treoir maidir le híosleibhéal comhchuibhithe trí liosta cleachtas éagóracha trádála a bhfuil toirmeasc ar cheannaitheoirí iad a fhorchur ar sholáthróirí bhunú. Déantar rialacha íosta a leagan síos léi maidir le forfheidhmiú agus maidir le comhar idir na húdaráis forfheidhmithe ('EAnna'). Féadfaidh na Ballstáit rialacha a ghlacadh nó a choimeád a théann níos faide ná na cleachtais éagóracha trádála a liostaítear sa Treoir ar choinníoll go bhfuil na cleachtais sin comhoiriúnach le rialacha an mhargaidh inmheánaigh.

Ba é an 1 Bealtaine 2021[7] an spriocdháta chun an Treoir a thrasuí, ach níor thrasuigh na Ballstáit uile í go hiomlán go dtí mí na Nollag 2022[8]. Léirigh na seiceálacha trasuímh agus comhréireachta a rinne COM éagsúlachtaí i roghanna trasuímh na mBallstát. Cé go raibh rialacha a bhí ann cheana ag cuid acu nó go ndeachaigh siad thar chomhchuibhiú íosta na Treorach, ní raibh aon riail a bhí ann cheana ag cuid eile acu nó chloígh siad a bheag nó a mhór leis an leibhéal íosta comhchuibhithe. Léirigh sna seiceálacha comhréireachta freisin go bhfuil difríochtaí ann idir leibhéal cosanta na ndlíthe náisiúnta trasuímh, i ndáil leis an bhféidearthacht atá ag ceannaitheoirí chun orduithe táirgí meatacha a chur ar ceal faoi Airteagal 3(1)(b), chun íocaíochtaí a ghearradh dá dtagraítear in Airteagal 3(2)(b), agus chun Airteagal 3(4) a thrasuí, féidearthacht ar dá réir nach mór do na Ballstáit a áirithiú gur forálacha sainordaitheacha iad na cleachtais éagóracha trádála dubha agus liatha a liostaítear sa Treoir agus go sáraíonn siad aon riail eile a mbeadh feidhm acu maidir le comhaontú soláthair.

Bhí an mheastóireacht dírithe ar chur chun feidhme na Treorach ó thaobh an Aontais de agus, ag an am céanna, soláthraíodh forléargas inti ar an staid sna Ballstáit tar éis trasuí. Rinneadh measúnú inti ar éifeachtacht, éifeachtúlacht, comhleanúnachas, breisluach AE agus ábharthacht na Treorach i ndáil lena croíchuspóirí maidir le cleachtais éagóracha trádála a chomhrac, rud a chumasaigh forfheidhmiú éifeachtach a thug aghaidh ar an ábhar imní a d'fhulaing soláthróirí, agus a d'áirithigh cothrom na Féinne ar fud an Aontais.

Rinneadh an mheastóireacht le tacaíocht ó staidéar seachtrach ('staidéar tacaíochta')[9], baineadh úsáid as foinsí éagsúla, lena n-áirítear tuarascálacha COM roimhe seo, amhail a thuarascáil i mí Dheireadh Fómhair 2021 maidir le staid thrasuí agus chur chun feidhme na Treorach[10] agus a tuarascáil eatramhach i mí Aibreáin 2024[11]. I measc ionchuir bhreise, áiríodh suirbhéanna spriocdhírithe, agallaimh agus cás-staidéir, malartuithe rialta le EAnna, suirbhé poiblí bliantúil JRC maidir le feirmeoirí agus soláthróirí[12] agus tuarascálacha bliantúla na mBallstát[13]. Rinneadh tuarascáil mheastóireachta Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa

[7] Airteagal 13(1) den Treoir.
[8] Doiciméad inmheánach oibre, Roinn 3.
[9] Staidéar tacaíochta meastóireachta ar Threoir 2019/633 ón Aontas maidir le cleachtais éagóracha trádála sa chaidreamh gnólacht le gnólacht i slabhra an tsoláthair talmhaíochta agus bia (DOI: 10.2762/2191333).
[10] COM/2021/652 final
[11] COM/2024/176 final agus SWD/2024/106 final/2.
[12] *Unfair Trade Practices - JRC* [Cleachtais Éagóracha Trádála - JRC].
[13] Le hAirteagal 10(2) den Treoir, ceanglaítear ar na Ballstáit tuarascáil maidir lena ngníomhaíochtaí forfheidhmithe a sheoladh chuig COM faoin 15 Márta gach bliain.

(‘CESE’)[14] agus tuarascálacha bliantúla ar ghníomhaíochtaí EAnna[15] a chur san áireamh freisin.

Tharla an mheastóireacht i gcomhthráth le sraith is leithne beart ó COM chun aghaidh a thabhairt ar na hábhair imní a chuir feirmeoirí in iúl[16], lena n-áirítear an t-athbhreithniú spriocdhírithe ar an Rialachán maidir le Comheagrú na Margaí Talmhaíochta (‘CEM’)[17], seoladh Fhaireachlann an Aontais um Shlabhra Agraibhia (‘AFCO’)[18], agus staidéar ar shásraí chun luach saothair cóir a áirithiú d’fheirmeoirí[19].

[14] *Evaluation of Directive (EU) 2019/633 - EESC* [Meastóireacht ar Threoir (AE) 2019/633 - CESE]
[15] Le hAirteagal 10(1) den Treoir, ceanglaítear ar EAnna tuarascáil bhliantúil ar a ngníomhaíochtaí a fhoilsiú. Nasc chuig na tuarascálacha: *Unfair trading practices - COM* [Cleachtais éagóracha trádála - COM].
[16] *EU actions to address farmers’ concerns - COM* [Gníomhaíochtaí an Aontais chun aghaidh a thabhairt ar ábhair imní na bhfeirmeoirí - COM].
[17] COM/2024/577 final.
[18] AFCO – COM.
[19] *Study on regulatory and voluntary schemes for fair agricultural remuneration* [Staidéar ar scéimeanna rialála agus deonacha le haghaidh luach saothair cothrom talmhaíochta (DOI: 10.2762/0016025).

3. ACHOIMRE AR NA PRÍOMHTHORTHAÍ

Déantar achoimre sa roinn seo ar phríomhthorthaí na meastóireachta. Cé go bhfuil sé bunaithe ar an bhfianaise is fearr atá ar fáil, tá sé tábhachtach na teorainneacha thuasluaite a chur san áireamh, go háirithe an tréimhse ghearr ama idir cur chun feidhme iomlán na Treorach agus meastóireacht na Treorach. Mar gheall air sin, mar aon le hinfhaighteacht theoranta sonraí mar gheall ar chineál rúnda an chaidrimh tráchtála, turraingí seachtracha amhail COVID-19 agus cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine, agus an t-ardú ar an mboilsciú agus ar chostais ionchuir mar thoradh air sin, bhí sé deacair éifeachtaí chur chun feidhme na Treorach a leithlisiú ó fhorbairtí is leithne.

3.1.ÉIFEACHTACHT

Sa mheastóireacht, rinneadh scrúdú ar rannchuidiú na Treorach maidir le cleachtais éagóracha trádála a chomhrac, maidir le cleachtais den sórt sin a chosc, maidir le tionchar diúltach ar fheirmeoirí a mhaolú agus maidir le tacaíocht a thabhairt i leith forfheidhmiú éifeachtach. Sa mheastóireacht rinneadh breithniú freisin ar éifeachtaí neamhbheartaithe na Treorach[20].

Feabhsuithe braite i leith cleachtais éagóracha trádála a tharlaíonn ach tuairimí éagsúla a bheith ann ar fud an tslabhra

Ón bhfianaise a bhí ar fáil, níorbh fhéidir a dheimhniú go fóill gur tháinig laghdú substaintiúil ar chleachtais éagóracha trádála tar éis chur chun feidhme na Treorach. Mar sin féin, tugadh le fios leis na sonraí ón suirbhé is déanaí ón JRC go raibh laghdú tagtha ar an líon cleachtas éagórach trádála a tuairiscíodh. Thairis sin, léirigh sonraí cainníochtúla agus cáilíochtúla eile feabhsuithe maidir le híocaíochtaí déanacha a laghdú, i gcás earraí meatacha agus earraí domheata araon[21], agus ar chleachtais éagóracha trádála áirithe eile arb iad is minice a bhaineann do sholáthraithe.

Bhí éagsúlacht tuairimí ann ar fud an tslabhra, agus thuairiscigh feirmeoirí agus soláthróirí treochtaí dearfacha agus, ag an am céanna, chuir ranna eile tuairimí idir mhaith agus olc in iúl. Go sonrach, chuir ceannaitheoirí amhras in iúl maidir le tionchar na Treorach agus, ag an am céanna, thug siad dá n-aire freisin go raibh ról lárnach ag iarrachtaí comhlíontachta na mórdhíoltóirí agus na miondíoltóirí trí athbhreithniú ar chonarthaí agus oiliúint foirne maidir le cleachtais éagóracha trádála a laghdú.

Leibhéil éagsúla feasachta i measc soláthróirí

De réir shonraí shuirbhé JRC, tuairiscíodh raonta leibhéil feasachta idir 62 % agus 76 % de na freagróirí ag brath ar an gcineál soláthróirí, gan aon treocht shoiléir a bheith ann ar fud babhtaí éagsúla suirbhé. Tuairiscítear leibhéal íseal feasachta agus dúshláin freisin i measc páirtithe leasmhara neamh-AE maidir le tíolacadh gearán.

Cé gur dhírigh roinnt EAnna ar ghníomhaíochtaí méadaithe feasachta agus for-rochtana ó luathbhlianta chur chun feidhme na Treorach, bhí an fheasacht íseal tríd is tríd, go háirithe i measc feirmeoirí agus soláthróirí beaga, go príomha mar gheall ar an tréimhse ghearr ó cuireadh an Treoir chun feidhme ina hiomláine. Bhí claonadh ann i measc soláthróirí agus

[20] Doiciméad inmheánach oibre, Roinn 4.1.]
[21] Staidéar tacaíochta, lch. 20.

próiseálaithe móra leibhéil mheasartha feasachta a thuairisciú ach luaigh siad freisin deacrachtaí maidir lena gcearta agus lena a n-oibleagáidí faoin Treoir a thuiscint.

Rátaí ísle gearán

De bhreis ar leibhéil ísle feasachta i measc soláthróirí, ní bhfuarthas ach líon teoranta gearán ar fud na mBallstát uile le linn na gcéad bhlianta den chur chun feidhme. De réir shuirbhé JRC 2024, ní raibh ach 52 % de na freagróirí ar an eolas faoin áit ina gcomhdóidís gearán. Chun aghaidh a thabhairt air sin, dhírigh EAnna a iarrachtaí tosaigh ar chásanna treoraíochta nó mhéadaigh siad an líon imscrúduithe *ex officio* (féintionscnamh).

Léirigh sonraí ó shuirbhé bliantúil JRC roinnt cúiseanna nár ardaigh soláthróirí cleachtais éagóracha trádála le EAnna nuair a tharla siad dóibh. Luaigh 29 % de na freagróirí go raibh eagla roimh fhrithbhearta ina mórbhacainn agus, ag an am céanna, bhí an bhraistint go raibh cleachtais éagóracha trádála áirithe ina ngnáthchleachtas agus nach fiú iad a thuairisciú (20 %), nó easpa muiníne i cumas EAnna gníomhú (19 %), i measc bacainní eile a tuairiscíodh.

Bhí ábhair imní maidir le rúndacht agus le heagla roimh an bhfrithbheartaíocht an-choitianta, mar a léirítear i gcás-staidéir na mBallstát (BE, ES, NL, SE). Tarraingíodh aird sna cás-staidéir sin ar an seans go mbeadh ceangal ann de bharr rialacha náisiúnta nós imeachta faisnéis áirithe a nochtadh le linn imeachtaí chun ceart cosanta an cheannaitheora a choimirciú, rud is ábhar imní i measc solathróirí maidir le risíocht a d'fhéadfadh a bheith ann agus maidir le hathneartú an drogaill a bhíonn orthu gearáin a thíolacadh.

Cé go gceadaíonn an Treoir d'eagraíochtaí táirgeoirí nó d'eagraíochtaí soláthróirí eile a bhfuil leas dlisteanach acu gearáin a dhéanamh thar ceann a gcomhaltaí, léirigh an mheastóireacht nár úsáideadh an sásra sin fós. In éineacht leis sin, léiríodh gur foinse luachmhar faisnéise margaidh le haghaidh EAnna a d'fhéadfadh a bheith i leideanna anaithnide mar bhealach chun bonn eolais a chur faoi imscrúduithe *ex officio* agus fiosrúcháin earnála. Mar sin féin, in earnálacha an-chomhchruinnithe ina bhféadfadh sé a bheith deacair fós anaithnideacht an sceithire a ráthú, fós tugadh dúshláin faoi deara.

Gníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin méadaithe ach éagsúlacht mhór fós idir na Ballstáit

Léirigh an mheastóireacht go raibh líon agus cineál na ngníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin múnlaithe den chuid is mó ag tosaíochtaí straitéiseacha náisiúnta, rud a léiríonn cineálacha éagsúla cur chuige maidir le cur chun feidhme[22]. I gcomhréir le béim na Treorach ar dhíspreagadh trí phionóis éifeachtacha, chomhréireacha agus athchomhairleacha, tháinig méadú de réir a chéile ar an líon imscrúduithe a sheol EAnna, cibé acu *ex officio* nó tar éis gearán a fháil. Osclaíodh 4 610 imscrúdú san iomlán idir 2021-2024, agus dúnadh thart ar 53 % díobh le linn na tréimhse sin (2 462 imscrúdú dhúnta). Maidir leis na himscrúduithe sin, rinne 4 Bhallstát díobh (ES, IT, CY, HU) 90 % de na himscrúduithe, agus rinne 13 Bhallstát eile díobh níos lú ná 5 imscrúdú.

Cé go bhfuil an líon foriomlán imscrúduithe san Aontas measartha íseal fós i gcomparáid le líon na n-idirbheart díolacháin san earnáil, tugtar le fios leis an treocht aníos go bhfuil méadú

[22] Doiciméad inmheánach oibre, Iarscríbhinn VI.

ag teacht ar rannpháirtíocht institiúideach le cleachtais éagóracha trádála. Mar sin féin, níor tuairiscíodh aon imscrúduithe i roinnt Ballstát agus líon measartha beag i mBallstáit eile, rud a thugann le fios gur gá acmhainneacht imscrúduithe *ex officio* a shaothrú tuilleadh.

Ar bhonn tuairisciú na mBallstát, fuarthas amach sa mheastóireacht gur tháinig thart ar aon trian de na himscrúduithe a dúnadh idir 2021 agus 2024 ar an gconclúid go raibh sárú ann agus gearradh pionóis ina leith sin, i.e. 754 shárú san iomlán. Idir 2022 agus 2024, bhí EUR 41.9 milliún, i bhfoirm fíneálacha, ann san iomlán mar thoradh ar sháruithe. Tríd is tríd, measadh gur bealach éifeachtach iad pionóis chun tacú le comhlíonadh trína n-éifeacht dhíspreagthach, cé go raibh líon agus déine na bpionós éagsúil idir na Ballstáit, rud a léiríonn an raon leathan creataí dlíthiúla atá i bhfeidhm. Measadh go raibh bearta clú, amhail cuir chuige 'ainmnigh agus náirigh', éifeachtach i gcoitinne, go háirithe i ndáil le ceannaitheoirí a bhíonn i dteagmháil dhíreach le tomhaltóirí.

De bhreis air sin, d'fhorbair roinnt Ballstát cineálacha cur chuige coisctheacha eile chun comhlíonadh a chothú, chun idirphlé a éascú, nó chun díospóidí a réiteach ag céim luath. Measadh i gcoitinne go raibh cuir chuige den sórt sin tábhachtach agus éifeachtach chun cleachtais éagóracha trádála a chomhrac. I measc na samplaí áirítear oifigigh chomhlíontachta inmheánacha maidir le cleachtais éagóracha trádála a bheith á dtabhairt isteach ag 'ceannaitheoirí móra' in IE, nó idirghabhálaí nó ombudsman a chruthú mar phointe teagmhála tosaigh in AT agus in FI.

Léirigh an mheastóireacht freisin maidir le bearta coisctheacha eile ag EAnna, amhail feachtais feasachta, gur mheas roinnt páirtithe leasmhara go raibh siad measartha éifeachtach agus, ag an am céanna, mheas miondíoltóirí agus cuid mhór den earnáil feirmeoireachta go raibh úsáid éigeantach conarthaí i scríbhinn úsáideach i gcoitinne chun cleachtais éagóracha trádála a chomhrac.

Bhain cineál eile birt a scrúdaíodh le sásraí ceartaitheacha agus/nó cúiteacha breise atá ar fáil i roinnt Ballstát. Áirítear ina measc sin an chumhacht chun gealltanais shonracha a fháil ón gceannaitheoir, chun orduithe comhlíontachta a eisiúint, nó chun leigheasanna sibhialta a fhorchur, amhail téarmaí conartha a neamhniú, muirir a aisíoc, nó cúiteamh a thabhairt maidir le damáistí. Mheas roinnt EAnna gurbh fhreagairt is láithrí is spriocdhírithe ná pionóis a ghearradh é an díriú ar an dochar do sholáthróirí a leigheas. Mar sin féin, bhí éagsúlacht ann idir na Ballstáit maidir le hinfhaighteacht agus úsáid na sásraí sin, nach gceanglaítear go sainráite leis an Treoir.

Comhar idir EAnna

Tharraing an mheastóireacht aird ar fhorbairtí dearfacha i ndáil le hobair Líonra na gCleachtas Éagóracha Trádála, obair ar mheas EAnna fúithi den chuid is mó gur chuidigh sí le feabhas a chur ar an gcomhar frithpháirteach.

Mar sin féin, léirigh an mheastóireacht gur dhírigh iarrachtaí forfheidhmiúcháin go príomha ar chleachtais éagóracha trádála a tharlaíonn laistigh de Bhallstát amháin, gan ach líon beag cásanna d'imscrúduithe trasteorann a bheith ann. Mar gheall ar theorainneacha sa chreat dlíthiúil reatha maidir le faisnéis rúnda a chomhroinnt i gcásanna trasteorann agus ar acmhainneachtaí forfheidhmiúcháin míchothroma, bhí dúshláin ann fíorchothrom na Féinne a

bhunú. Féachtar ar thogra COM le déanaí maidir leis an tsaincheist sin mar chéim dhearfach i dtreo aghaidh a thabhairt ar na heasnaimh atá ann cheana[23].

3.2.ÉIFEACHTÚLACHT

Rinneadh measúnú sa mheastóireacht ar na costais agus ar na tairbhí a bhaineann le cur chun feidhme na Treorach, agus costais riaracháin na mBallstát agus EAnna agus na costais oibriúcháin do sholáthróirí agus/nó do cheannaitheoirí á gcur san áireamh[24].

Tairbhí inaitheanta d'fheirmeoirí ach is dúshlán fós é cainníochtú

I measc na dtosca a dhéanann difear do chineál agus do dhéine an tionchair a bhíonn ag cleachtais éagóracha trádála ar fheirmeoirí agus ar sholáthróirí beaga, áirítear a mhéid a dhéantar feirmeacha a chomhiomlánú agus cé acu a dhéanann nó nach ndéanann cleachtais éagóracha trádála difear díreach nó neamhdhíreach do sholáthróirí mar gheall ar an éifeacht charnach feadh an tslabhra. Mar shampla, fuarthas amach sa mheastóireacht gur gnách d'fheirmeoirí nach raibh ina gcuid d'eagraíocht táirgeoirí agus a raibh tionchar díreach ag cleachtais éagóracha trádála orthu a bheith níos neamhchosanta ar rioscaí eacnamaíocha.

Ós rud é gurbh iad íocaíochtaí déanacha na cleachtais éagóracha trádála ba choitianta a tuairiscíodh agus go raibh iarmhairtí diúltacha móra leo mar gheall ar a n-éifeacht shuaiteach ar an sreabhadh airgid, rinneadh meastachán sa staidéar tacaíochta ar na tairbhí a d'fhéadfadh a bheith ann d'earnáil na feirmeoireachta mar thoradh ar aghaidh a thabhairt ar íocaíochtaí déanacha le feirmeoirí. Tugadh le fios sa staidéar tacaíochta go dtiocfadh feabhas ar thréimhsí íocaíochta, ar bhainistiú sreafa airgid agus ar intuarthacht le haghaidh feirmeoirí agus soláthróirí beaga mar thoradh ar an Treoir. Chomh maith leis sin, laghdódh sé sin an spleáchas ar iasachtaí, thacódh sé le hacmhainneacht creidmheasa, agus laghdódh sé an riosca go mbeadh dócmhainneacht ann, rud a d'fhéadfadh acmhainní a shaoradh le haghaidh infheistíochta. Bhí an meánbhuntáiste measta a d'éireodh as an sreabhadh breise bliantúil airgid in aghaidh an tsoláthróra (lena n-áirítear feirmeacha) idir thart ar EUR 16 000 in PL agus beagnach EUR 175 000 in FR[25].

Tar éis íocaíochtaí déanacha, ba iad na cleachtais éagóracha trádála ba mhó tionchar diúltach eacnamaíoch ar fheirmeoirí cealuithe ag an nóiméad deireanach, go háirithe i gcás táirgí meatacha, agus aistriú riosca tráchtála trí athruithe aontaobhacha ar théarmaí conartha nó trí ranníocaíochtaí éigeantacha chun caillteanais an cheannaitheora a chumhdach. D'fhéadfadh caillteanas ioncaim a bheith mar thoradh ar chleachtais den sórt sin agus d'fhéadfaidís neamhchosaint feirmeoirí agus soláthróirí beaga ar chostais dhothuartha a mhéadú.

Ba mhinic a bhí sé deacair d'fheirmeoirí éifeachtaí eacnamaíocha na gcleachtas éagórach trádála a chainníochtú, toisc go mbraithfeadh siad an tionchar i dtéarmaí coibhneasta, e.g. i ndáil le torthaí buainte, luaineachtaí margaidh nó tosca seachtracha eile. Mar gheall ar na sonraí teoranta atá ar fáil agus ar an gcastacht a bhaineann le héifeachtaí na Treorach a leithlisiú, bhí sé dúshlánach anailís bheacht costais is tairbhe a dhéanamh a bhí bunaithe ar mheasúnú frithfhíorasach docht. I gcás inarbh fhéidir, rinne an mheastóireacht cainníochtú ar éifeachtaí na Treorach ach, seachas sin, bhí sí ag brath ar mheasúnú cáilíochtúil agus ar athbhreithniú ar

[23] COM/2024/576 final.
[24] Doiciméad inmheánach oibre, Roinn 3.
[25] Staidéar tacaíochta, lch. 135.

bhraistintí na bpáirtithe leasmhara. I ndáil leis an méid sin, tugadh le fios i dtorthaí suirbhé ar chomhlachais ghnó go bhfuair an chuid is mó gnóthaí a ndeachthas i gcomhairle leo tairbhí airgeadais as an Treoir, lena n-áirítear mar thoradh ar théarmaí conartha trédhearcacha iontaofa (24 % de na 228 dtásc), ar laghdú ar an líon athruithe aontaobhacha ar chonarthaí (19 %), agus ar praghsáil níos trédhearcaí (15 %)[26].

De bhreis ar éifeachtaí airgeadais na Treorach, tuairiscíodh tairbhí cáilíochtúla freisin, lena n-áirítear idirphlé feabhsaithe agus muinín fheabhsaithe maidir le cultúr cóir a chur chun cinn laistigh den slabhra.

I gcás feirmeoirí agus soláthróirí, d'fhan costais na Treorach comhréireach leis na tairbhí[27]

Sa mheastóireacht rinneadh scrúdú ar na costais riaracháin a thabhaigh EAnna agus na Ballstáit tar éis thrasuí na Treorach agus fuarthas amach go raibh éagsúlachtaí móra ann ag brath ar an gcur chuige náisiúnta. I gcás na mBallstát ba ghníomhaí maidir le himscrúduithe a shaothrú, tugtar le fios sna measteacháin go raibh costais bhliantúla forfheidhmiúcháin gar do EUR 800 000.

Bhí éagsúlacht leathan ann freisin maidir leis na costais coigeartaithe le haghaidh oibreoirí gnó ar fud an tslabhra, lena n-áirítear soláthróirí agus ceannaitheoirí. De réir na measteachán, bhí na costais coigeartaithe tosaigh sa raon idir thart ar EUR 12 mhilliún in DE agus EUR 19 milliún in DK, agus miondíoltóirí a d'iompair na costais ab airde in aghaidh an oibreora.

Go foriomlán, fuarthas amach sa mheastóireacht go raibh costais forfheidhmiúcháin le haghaidh EAnna agus costais coigeartaithe le haghaidh oibreoirí gnó a ghníomhaíonn go heisiach nó go príomha mar sholáthróirí comhréireach leis na tairbhí a fuarthas i dtéarmaí feabhas a chur ar chleachtais ghnó. I gcodarsnacht leis sin, bhraith ceannaitheoirí gur mhó a gcostais coigeartaithe, a d'éirigh go príomha as oiriúnú conarthaí, ná na tairbhí. Níorbh aon ábhar iontais é sin toisc go bhfuil an Treoir ceaptha chun soláthróirí níos laige a chosaint ar cheannaitheoirí níos láidre. Mar sin féin, níor aimsíodh aon fhianaise a thabharfadh le fios go raibh damáiste nach beag nó cur isteach oibríochtúil laistigh den slabhra mar thoradh ar chostais do cheannaitheoirí.

3.3. BREISLUACH AE

Fuarthas amach sa mheastóireacht gur tháinig breisluach AE na Treorach, go háirithe a rannchuidiú le cothrom na Féinne a chruthú, ón leibhéal íosta cosanta ar chleachtais éagóracha trádála a sholáthraítear do sholáthróirí ar fud an Aontais, go háirithe i mBallstáit nach raibh cosaint ar fáil iontu roimhe sin[28].

Mar sin féin, fuarthas amach sa mheastóireacht freisin go raibh difríochtaí móra fós ann sa reachtaíocht náisiúnta agus san fhorfheidhmiúchán náisiúnta d'ainneoin chur chun feidhme na Treorach. Go háirithe, shainaithin an chuid is mó de pháirtithe leasmhara na difríochtaí sin mar cheann de na príomhdhúshláin a bhaineann an bonn de bhreisluach AE na Treorach, agus rinne ceannaitheoirí difríochtaí leanúnacha náisiúnta a nascadh le roinnt éifeachtaí diúltacha neamhbheartaithe, go háirithe éiginnteacht dhlíthiúil mhéadaithe agus forfheidhmiúchán

[26] Staidéar tacaíochta, lch. 63.
[27] Doiciméad inmheánach oibre, Roinn 3.
[28] Doiciméad inmheánach oibre, Roinn 4.2.]

neamhréireach i gcásanna trasteorann laistigh den Aontas. De bhreis air sin, thuairiscigh an earnáil mhiondíola éifeachtaí neamhbheartaithe eile mar gheall ar chinneadh roinnt Ballstát an chosaint ar chleachtais éagóracha trádála a leathnú chuig soláthróirí móra. Chreid an earnáil mhiondíola go bhféadfadh sé sin cothromaíocht na cumhachta a aistriú i dtreo soláthróirí móra gan ghá, rud a dhéanfadh dochar ar leith do cheannaitheoirí beaga.

Ag an am céanna, bhí tuairim níos dearfaí ag páirtithe leasmhara eile i leith na ndifríochtaí idir na Ballstáit agus mheas siad go bhféadfadh na Ballstáit aghaidh a thabhairt ar imthosca náisiúnta sonracha ar bhealach níos fearr agus freagairt níos tapúla do shaincheisteanna atá ag teacht chun cinn trí na difríochtaí sin a cheadú.

Fuarthas amach sa staidéar tacaíochta gur rannchuidigh ceanglais íosta chomhchuibhithe na Treorach le breisluach AE foriomlán, ar dearcadh é a bhí comhroinnte i gcoitinne i measc soláthróirí agus EAnna, ach nach raibh chomh coitianta céanna i measc ceannaitheoirí[29], a raibh ábhar imní acu faoi Bhallstáit a bheith ag cothabháil nó ag tabhairt isteach rialacha náisiúnta de chineál níos déine nó de chineál an-inchineálach faoi Airteagal 9 den Treoir, rud a mheas cuid acu a bheith ina bhfadhb do shaoirsí an Mhargaidh Aonair.

3.4. COMHLEANÚNACHAS

Fuarthas amach sa mheastóireacht go raibh an Treoir comhlántach le hionstraimí dlíthiúla eile de chuid an Aontais, lena n-áirítear an Rialachán maidir le CEM[30] agus a chontrapháirt in earnáil an iascaigh[31]. Mar chuid den chreat beartais níos leithne sin, tacaíonn an Treoir le cur chuige struchtúrach CEM, arb é is aidhm dó cumhacht mhargála feirmeoirí a neartú trí ghníomhaíocht chomhchoiteann a chur chun cinn agus trí chreat conarthach ginearálta a shocrú. Mar sin féin, tugtar aghaidh sa Treoir ar shaincheisteanna nach gcumhdaítear leis an Rialachán maidir le CEM trí chosaint a sholáthar ar leibhéal na gcaidreamh tráchtála aonair agus na n-oibríochtaí gnó, rud a chuireann creat dlíthiúil spriocdhírithe ar fáil lena gcosnaítear feirmeoirí agus soláthróirí beaga ar iompraíocht drochúsáide shonrach ag ceannaitheoirí níos láidre.

Mar an gcéanna, tharraing an mheastóireacht aird ar feidhm chomhlántach na Treorach i ndáil le rialacha an Aontais maidir le híocaíochtaí déanacha[32], lena n-áirítear an Rialachán maidir le hÍocaíochtaí Déanacha a moladh le déanaí[33], agus béim á leagan ar a fheidhm ar leith agus ar a ábharthacht leanúnach d'earnáil na talmhaíochta.

Níor sainaithníodh aon choinbhleacht ná neamhréireacht le hionstraimí dlíthiúla eile. I gcodarsnacht leis sin, sainaithníodh sineirgí tábhachtacha idir an Treoir agus gníomhaíochtaí nó tionscnaimh eile, amhail rialacha iomaíochta an Aontais agus Cód Iompair an Aontais maidir le Cleachtais Fhreagracha Ghnó agus Mhargaíochta Bia, ar a dtugtar an 'Cód Agraibhia' ó bhí lár 2025 ann[34].

3.5. ÁBHARTHACHT LEANÚNACH

[29] Staidéar tacaíochta, lch. 91 ff.
[30] IO L 347, 20.12.2013, lch. 671, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/1308/oj.
[31] IO L 354, 28.12.2013, lch. 1, ELI: https://eur-lex.europa.eu/eli/reg/2013/1379/oj.
[32] IO L 48, 23.2.2011, lch. 1, ELI : http://data.europa.eu/eli/dir/2011/7/oj
[33] COM(2023)533 final.
[34] *The Agri-Food Code – COM* [An Cód Agraibhia – COM]

Go foriomlán, fuarthas amach sa mheastóireacht go raibh an Treoir comhréireach agus cothrom a bheag nó a mhór i dtaca le haghaidh a thabhairt ar na riachtanais atá ann cheana. Ag an am céanna, sainaithníodh inti go bhféadfaí tuilleadh gníomhaíochta a dhéanamh, go háirithe maidir le rannchuidiú na Treorach le hinmharthanacht eacnamaíoch, le hathléimneacht agus le hiomaíochas earnáil na talmhaíochta agus teacht chun cinn cleachtas éagórach trádála nua nó athraitheach. Cé gur cinneadh go gcuireann an Treoir creat láidir oiriúnach ar fáil, bhí scóip ann fós chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin athraitheacha, amhail luach saothair cóir a áirithiú d'fheirmeoirí agus dul i ngleic le cleachtais éagóracha trádála nua. Deimhníodh an toradh sin san aiseolas ó pháirtithe leasmhara, cé go raibh tuairimí éagsúla ann maidir le cumas na Treorach chun aghaidh a thabhairt ar bhunchúiseanna na gcleachtas éagórach trádála agus tionchar a imirt ar shásraí socraithe praghsanna[35].

Tarraingíodh aird freisin ar go leor de na réimsí a d'fhéadfadh a bheith ann le haghaidh feabhais a shainaithin na páirtithe leasmhara sa phlé a rinneadh an tráth a glacadh an Treoir, rud a léiríonn éagsúlacht leanúnach tuairimí. D'iarr roinnt soláthróirí bearta amhail raon feidhme na Treorach a leathnú i dtéarmaí tairseacha láimhdeachais nó toirmeasc uile-Aontais ar dhíolacháin faoi bhun costais a thabhairt isteach, mar atá i bhfeidhm cheana féin i roinnt Ballstát[36]. Chuir na ceannaitheoirí i gcoinne an raon feidhme a leathnú ar an mbealach sin agus d'iarr siad cosaint dhéthreoch ar chleachtais éagóracha trádála, rud a d'fhágfadh go bhféadfaí ceannaitheoirí beaga a chosaint ar sholáthróirí móra freisin.

Taobh leis na saincheisteanna sin de chineál níos seanbhunaithe, chuir páirtithe leasmhara in iúl freisin go raibh ábhair imní ann le déanaí maidir le cleachtais éagóracha trádála a d'fhéadfadh teacht chun cinn. Go háirithe, baineann siad sin le cleachtais a d'fhéadfadh feidhm na Treorach a sheachaint agus rioscaí díréireacha nó costais dhíréireacha a aistriú chuig soláthróirí, lena n-áirítear socruithe níos casta a bhaineann le seirbhís, amhail 'íoc tar éis scanadh'[37], nó éilimh atá nasctha le gealltanais ceannaitheoirí ó thaobh na hinbhuanaitheachta de (e.g. gealltanais freagrachta sóisialta corparáidí ceannaitheoirí a aistriú chuig soláthróirí).

4. CONCLÚIDÍ, CEACHTANNA A FOGHLAIMÍODH, AGUS NA CHÉAD CHÉIMEANNA EILE

Cé nach bhfuil an Treoir á cur chun feidhme go hiomlán ach le tréimhse ghearr agus d'ainneoin éagsúlacht mhór maidir le cur chuige na mBallstát agus maidir le tuairimí na bpáirtithe leasmhara, léiríonn taithí luath na Treorach comharthaí spreagúla a mhéid a bhaineann le cleachtais éagóracha trádála a chosc agus a chomhrac, agus tá níos mó muiníne as an slabhra tar éis rannchuidiú le cultúr gnó níos freagraí.

An tráth céanna, sainaithníodh roinnt easnamh agus dúshlán sa mheastóireacht ar an Treoir. Tarraingíonn na ceachtanna seo a leanas a foghlaimíodh aird ar réimsí ina bhféadfaí an creat maidir le cleachtais éagóracha trádála, agus cur i bhfeidhm an chreata, a neartú tuilleadh, lena n-áirítear trí athbhreithniú a dhéanamh ar an Treoir b'fhéidir:

[35] Doiciméad inmheánach oibre, Roinn 4.3.
[36] Féach fonóta 19.
[37] De réir na samhla sin, ní íoctar soláthróirí ach amháin nuair a dhíolann an miondíoltóir an táirge leis an tomhaltóir deiridh, seachas nuair a sheachadtar é. Is féidir leis sin síneadh éifeachtach a chur leis na sprioc-amanna íocaíochta a cheadaítear faoin Treoir.

- **Feasacht a mhéadú i measc feirmeoirí agus soláthróirí maidir lena gcearta.** Is réimse tábhachtach é seo le haghaidh tuilleadh gníomhaíochta ar réimse é a bhféadfaí aghaidh a thabhairt air trí rochtain ar fhaisnéis a fheabhsú, lena n-áirítear le haghaidh soláthróirí a bhfuil baint acu le hidirbhearta trasteorann nó ó thríú tíortha, nó trí ghníomhaíochtaí for-rochtana nó oiliúna spriocdhírithe a spreagadh.

- **Gníomhaíocht a dhéanamh chun forfheidhmiú a fheabhsú agus chun aghaidh a thabhairt ar 'toisc na heagla' i measc soláthróirí.** Tá eagla roimh fhrithbheart fós ina bacainn lena ndíspreagtar soláthróirí ó chleachtais éagóracha trádála a thuairisciú, go háirithe in earnálacha ina bhfuil comhchruinniú ard ceannaitheoirí agus spleáchas ard ar cheannaitheoirí. Chun aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist seo agus chun spleáchas ar ghearáin aonair a laghdú, d'fhéadfadh EAnna úsáid níos mó a bhaint as imscrúduithe *ex officio*, ar imscrúduithe iad nár scrúdaíodh go hiomlán i roinnt Ballstát. An tráth céanna, d'fhéadfadh ról níos láidre a bheith ag eagraíochtaí táirgeoirí agus ag eagraíochtaí soláthróirí eile, lena n-áirítear eagraíochtaí ó thríú tíortha, maidir le tacú le soláthróirí agus gearáin a dhéanamh thar a gceann.

- **Chomhar trasteorann a fheabhsú.** Tá bacainní nós imeachta fós ag cur treampán ar mhalartú faisnéise rúnda idir EAnna i gcásanna trasteorann. D'fhoilsigh COM togra i mí na Nollag 2024 lena dtugtar aghaidh ar an tsaincheist seo agus meastar go soláthróidh an togra sin creat láidir ar fáil le haghaidh comhair agus go réiteoidh sé na heasnaimh a sainaithníodh i ndáil le liosta comhchuibhithe na gcleachtas éagórach trádála a bunaíodh leis an Treoir[38].

- **Faireachán a fheabhsú chun tacú le ceapadh beartas fianaise-bhunaithe.** Cé go bhfuil dul chun cinn déanta maidir le bailiú sonraí trí thuarascálacha bliantúla agus trí shuirbhéanna, tá gá le tuilleadh iarrachtaí chun faireachán comhsheasmhach, inchomparáide agus docht ar chleachtais éagóracha trádála a áirithiú ar fud an Aontais. Maidir le gníomhaíocht fhéideartha i dtaca leis an réimse, d'fhéadfadh sé go n-áireodh sin sonraí níos caighdeánaithe, níos iontaofa agus níos inchainníochtaithe a bhailiú, nó meastóireachtaí níos uilechuimsithí a dhéanamh ar leibhéal na mBallstát maidir le héifeachtaí dlíthe náisiúnta trasuímh.

- **Aghaidh a thabhairt ar chur i bhfeidhm míchothrom na Treorach.** Mar thoradh ar dhifríochtaí idir roghanna cur chun feidhme agus cleachtais forfheidhmiúcháin na mBallstát, tá léirmhínithe éagsúla ann ar fhorálacha na Treorach nó ar chur i bhfeidhm rialacha náisiúnta níos déine. Is féidir le héagsúlacht maidir le rialacha náisiúnta, ar rud é atá lasmuigh de raon feidhme na Treorach freisin, éagsúlachtaí forfheidhmiúcháin agus formhaoirseachta a chruthú. Ní mór tuilleadh machnaimh a dhéanamh ar chomhsheasmhacht níos fearr a áirithiú i dtaobh conas a dhéantar cleachtais éagóracha trádála a chomhrac.

- **Freagrúlacht maidir le riachtanais atá ag teacht chun cinn a éascú..** Cé nár tuairiscíodh ach líon teoranta cleachtas éagórach trádála nua, tá sé tábhachtach a bheith san airdeall go gníomhach ar shaincheisteanna atá ag teacht chun cinn agus athruithe ar

[38] COM/2024/576 final

an margadh a thuar. Thairis sin, ní mór beart a dhéanamh ionas nach gcuirfear iallach ar fheirmeoirí díol go córasach faoi bhun a gcostas táirgthe, mar a luaitear san Fhís don Talmhaíocht agus don Bhia. Ní mór tuilleadh scrúdaithe a dhéanamh ar uirlisí nua sonracha chun na gcríoch sin, mar aon leis an bhféidearthacht maidir le leathnú a dhéanamh ar liosta na gcleachtas éagórach trádála.

Cé nach mór a bheith cúramach agus athbhreithniú á dhéanamh ar an Treoir maidir le Cleachtais Éagóracha Trádála ós rud é nach bhfuil an Treoir á cur chun feidhme go hiomlán ach le tréimhse réasúnta gearr ama, is léir go mbeidh gá le tuilleadh machnaimh le déanamh chun aghaidh a thabhairt ar na heasnaimh agus ar na dúshláin atá fós ann chun a chinneadh conas a d'fhéadfadh an Treoir agus ionstraimí eile tacú ar an mbealach is fearr le feidhmíocht eacnamaíoch na hearnála talmhaíochta agus an tslabhra ina iomláine, agus an bhféadfadh gá a bheith le bearta breise agus, ag an am céanna, treoshuíomh margaidh an Chomhbheartais Talmhaíochta á chaomhnú. Agus úsáid á baint as torthaí na meastóireachta seo, agus mar a deimhníodh in aitheasc 2025 an Uachtaráin von der Leyen ar Staid an Aontais Eorpaigh[39], tá sé beartaithe ag COM athbhreithniú a dhéanamh ar chur chun feidhme reachtaíocht an Aontais maidir le cleachtais éagóracha trádála. Beidh measúnú tionchair ag gabháil lena thograí chun athbhreithniú a dhéanamh ar an Treoir, ar measúnú é lena gcumhdófar roghanna éagsúla chun dul i ngleic leis na dúshláin a leagtar amach thuas agus lena ndéanfar scrúdú cúramach ar thionchair na roghanna sin ar fheirmeoirí agus ar ghníomhaithe eile sa slabhra.

[39] *State of the Union 2025 - COM* [Staid an Aontais 2025 - COM].